*Uimhir* 20 *de* 1994

# An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 20 *de* 1994

# AN tACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (LEASÚ), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú, comhlua agus tosach feidhme.
2. Míniú.
3. Leasú ar alt 13 d'Acht 1980.
4. Leasú ar alt 17 d'Acht 1980.
5. Leasú ar alt 23 d'Acht 1980.
6. Leasú ar alt 85 d'Acht 1980.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1971 | 1971, Uimh. 30 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980 | 1980, Uimh. 10 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1989 | 1989, Uimh. 2 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967 | 1967, Uimh. 3 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1978 | 1978, Uimh. 7 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 | 1978, Uimh. 16 |

*Uimhir* 20 *de* 1994

# AN tACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (LEASÚ), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINEANN LE hATHNUACHAN LÉASANNA AGUS TIONÓNTACHTAÍ AGUS DO LEASÚ NA nDLÍTHE UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ.

[10 *Iúil* 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Gearrtheideal, forléiriú, comhlua agus tosach feidhme.

**1.—**(1) Féadfar an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1994, a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967, an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1971, an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1978, an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978, an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980, an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1989, agus an tAcht seo a fhorléiriú le chéile mar aon Acht amháin agus féadfar na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 1994, a ghairm díobh le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá is mí tar éis dháta a rite.

Míniú.

**2.—**San Acht seo, ciallaíonn "Acht 1980" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980.

Leasú ar alt 13 d'Acht 1980.

**3.—**(1) Leasaítear leis seo mír (*a*) d'alt 13 (1) d'Acht 1980 trí "cúig bliana" a chur in ionad "trí bliana".

(2) Ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* ach amháin i ndáil le léas nó conradh eile tionóntachta a dtosóidh a théarma tar éis thosach feidhme an Achta seo.

Leasú ar alt 17 d'Acht 1980.

**4.—**Déanfar an fhomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii) d'alt 17(1)(*a*) d'Acht 1980:

"(iii*a*) má bhaineann alt 13(1)(*a*) leis an tionóntán, go ndearnadh socrú i dtéarmaí na tionóntachta chun an tionóntán a úsáid go hiomlán agus go heisiach mar oifig agus, roimh thosach na tionóntachta, go raibh an

tionónta, ar chomaoin luachmhar nó gan chomaoin luachmhar, tar éis tréigean bailí ar a theideal chun tionóntachta nua sa tionóntán a fhorghníomhú agus tar éis comhairle dlí neamhspleách a fháil i ndáil leis an tréigean, nó".

Leasú ar alt 23 d'Acht 1980.

**5.**—Déanfar an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) d'alt 23 d'Acht 1980:

"(2) Socróidh an Chúirt gur cúig bliana is tríocha nó cibé téarma is lú ná sin a ainmneoidh an tionónta ré na tionóntachta ach amháin, i gcás go n-eascróidh an ceart chun tionóntachta nua i leith tionóntáin dá dtagraítear i bhfo-alt 13(1)(*a*) (arna leasú le *halt 3* den *Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1994*), socrófar gur fiche bliain nó cibé téarma is lú ná sin a ainmneoidh an tionónta ré na tionóntachta ar choinníoll nach socrófar í le haghaidh téarma is lú ná cúig bliana gan comhaontú an tiarna talún.".

Leasú ar alt 85 d'Acht 1980.

**6.**—Déanfar an fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1) d'alt 85 d'Acht 1980:

"(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le tréigean dá dtagraítear i bhfomhír (iii*a*) (a cuireadh isteach le *halt 4* den *Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1994*) d'alt 17.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

9 781399 307635